# Language Scheme/Scéim Teanga 2016 - 2019

**Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**
**Official Languages Act, 2003**

**An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil**

# An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

**Scéim Teanga 2016 - 2019**

**Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

# Contents/Clár

Chapter 1: Introduction and background ........ 3
Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra ........ 4

Chapter 2: Overview of the Environmental Protection Agency ........ 5
Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ........ 6

Chapter 3: Details of services currently being provided in English only or bilingually ........ 11
Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach ........ 12

Chapter 4: Enhancing the provision of Irish Language Services ........ 13
Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge ........ 14

Chapter 5: Improving Language Capability ........ 137
Caibidil 5: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge ........ 18

Chapter 6: Monitoring and Review ........ 19
Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú ........ 20

Chapter 7: Publicising of the Agreed Scheme ........ 21
Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe ........ 22

Appendices/Aguisíní ........ 23

# Chapter 1: Introduction and background

## 1.1 Introduction

The Official Languages Act 2003 provides for the preparation by public bodies of a language scheme detailing the services which they will provide:

- through the medium of Irish,
- through the medium of English, and
- through the medium of Irish and English

and the measures to be adopted to ensure that any service not currently provided by the body through the medium of the Irish language will be so provided within an agreed timeframe.

In accordance with section 14(3) of the Act, language schemes remain in force for a period of 3 years or until such time as a new scheme is confirmed by the Minister for Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs, whichever is the later.

## 1.2 Preparation and Content of the Scheme

In the preparation of this scheme, due regard has been given to the Guidelines issued by the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs. In addition, there has been a comprehensive process of consultation with relevant stakeholders.

The **Environmental Protection Agency** is guided by the principle that the provision of Irish language services should be based on:

- the underlying level of demand for specific services in the Irish language,
- the importance of a proactive approach to the provision of such services, and
- the resources, including human and financial resources, and the capacity of the body concerned to develop or access the necessary language capability.

This scheme complements the principles of Quality Customer Service and our Customer Charter. It has been formulated with the intention of ensuring that all relevant obligations under the Official Languages Act by the **Environmental Protection Agency** will be fully addressed on an incremental basis, through this and future schemes.

## 1.3 Commencement date of the Scheme

This Scheme has been confirmed by the Minister for Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs. It commences with effect from 1 December 2016 and shall remain in force for a period of 3 years or until a new scheme has been confirmed, whichever is the later.

# Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

## 1.1 Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí, ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

## 1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirlínte a d'eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus an scéim seo á hullmhú.  Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá **An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)** á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar **An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil** ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

## 1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Tosaíonn sí le héifeacht ó 1 Nollaig 2016 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

# Chapter 2: Overview of the Environmental Protection Agency

The Environmental Protection Agency (EPA) is responsible for protecting and improving the environment as a valuable asset for the people of Ireland. We are committed to protecting people and the environment from the harmful effects of radiation and pollution.

## 2.1 Our Mission

*To protect and improve the environment as a valuable asset for the people of Ireland. To protect our people and environment from the harmful effects of radiation and pollution.*

## 2.2 Main Functions

The work of the EPA can be divided into three main areas:

**Knowledge**: We provide high quality, targeted and timely environmental data, information and assessment to inform decision making at all levels.

**Regulation**: We implement effective regulation and environmental compliance systems to deliver good environmental outcomes and target those who don't comply.

**Advocacy**: We work with others to advocate for a clean, productive and well protected environment and for sustainable environmental behaviour.

## 2.3 Our Responsibilities

### Licensing

We regulate the following activities so that they do not endanger human health or harm the environment:

- waste facilities *(e.g. landfills, incinerators, waste transfer stations)*;
- large scale industrial activities *(e.g. pharmaceutical, cement manufacturing, power plants)*;
- intensive agriculture *(e.g. pigs, poultry)*;
- the contained use and controlled release of Genetically Modified Organisms *(GMOs)*;
- sources of ionising radiation *(e.g. x-ray and radiotherapy equipment, industrial sources);*
- large petrol storage facilities;
- waste water discharges;
- dumping at sea activities

### National Environmental Enforcement

- Conducting an annual programme of audits and inspections of EPA licensed facilities.
- Overseeing local authorities' environmental protection responsibilities.
- Supervising the supply of drinking water by public water suppliers.
- Working with local authorities and other agencies to tackle environmental crime by co-ordinating a
- national enforcement network, targeting offenders and overseeing remediation.
- Enforcing Regulations such as Waste Electrical and Electronic Equipment (WEEE), Restriction of Hazardous Substances (RoHS) and substances that deplete the ozone layer.
- Prosecuting those who flout environmental law and damage the environment.

# Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) freagrach as an gcomhshaol a chaomhnú agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Táimid tiomanta do dhaoine agus don chomhshaol a chosaint ó éifeachtaí díobhálacha na radaíochta agus an truaillithe.

## 2.1 Ár mBunchuspóir

*An comhshaol a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Ár ndaoine agus an comhshaol a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha radaíochta agus truaillithe*

## 2.2 Príomhfheidhmeanna

Is féidir obair na Gníomhaireachta a roinnt ina trí phríomhréimse:

**Eolas**: Soláthraímid sonraí, faisnéis agus measúnú comhshaoil atá ar ardchaighdeán, spriocdhírithe agus tráthúil chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht ar gach leibhéal.

**Rialú**: Déanaimid córais éifeachtacha rialaithe agus comhlíonta comhshaoil a chur i bhfeidhm chun torthaí maithe comhshaoil a sholáthar agus chun díriú orthu siúd nach gcloíonn leis na córais sin.

**Tacaíocht:** Bímid ag saothrú i gcomhar le grúpaí eile chun tacú le comhshaol atá glan, táirgiúil agus cosanta go maith, agus le hiompar a chuirfidh le comhshaol inbhuanaithe.

## 2.3 Ár bhFreagrachtaí

### Ceadúnú

Déanaimid na gníomhaíochtaí seo a leanas a rialú ionas nach ndéanann siad dochar do shláinte an phobail ná don chomhshaol:

- saoráidí dramhaíola (m.sh. láithreáin líonta talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (m.sh. déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta);
- an diantalmhaíocht (m.sh. muca, éanlaith);
- úsáid shrianta agus scaoileadh rialaithe Orgánach Géinmhodhnaithe (OGM);
- foinsí radaíochta ianúcháin (m.sh. trealamh x-gha agus radaiteiripe, foinsí tionsclaíocha);
- áiseanna móra stórála peitril;
- scardadh dramhuisce; gníomhaíochtaí dumpála ar farraige

### Forfheidhmiú Náisiúnta i leith Cúrsaí Comhshaoil

- Clár náisiúnta iniúchtaí agus cigireachtaí a dhéanamh gach bliain ar shaoráidí a bhfuil ceadúnas ón EPA acu.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhreagrachtaí cosanta comhshaoil na n-údarás áitiúil.
- Caighdeán an uisce óil, arna sholáthar ag soláthraithe uisce phoiblí, a mhaoirsiú.
- Obair le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile chun dul i ngleic le coireanna comhshaoil trí chomhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmiúcháin náisiúnta, trí dhíriú ar chiontóirí, agus trí mhaoirsiú a dhéanamh ar leasúchán.
- Cur i bhfeidhm rialachán ar nós na Rialachán um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), um Shrian ar Shubstaintí Guaiseacha agus na Rialachán um rialú ar shubstaintí a ídíonn an ciseal ózóin.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí an chomhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol.

## Water Management

- Monitoring and reporting on the quality of rivers, lakes, transitional and coastal waters of Ireland and groundwaters; measuring water levels and river flows.
- National coordination and oversight of the Water Framework Directive.
- Monitoring and reporting on Bathing Water Quality.

## Monitoring, Analysing and Reporting on the Environment

- Monitoring air quality and implementing the EU Clean Air for Europe (CAFÉ) Directive.
- Independent reporting to inform decision making by national and local government *(e.g. periodic reporting on the State of Ireland's Environment and Indicator Reports)*.

## Regulating Ireland's Greenhouse Gas Emissions

- Preparing Ireland's greenhouse gas inventories and projections.
- Implementing the Emissions Trading Directive, for over 100 of the largest producers of carbon dioxide in Ireland.

## Environmental Research and Development

- Funding environmental research to identify pressures, inform policy and provide solutions in the areas of climate, water and sustainability.

## Strategic Environmental Assessment

- Assessing the impact of proposed plans and programmes on the Irish environment *(e.g. major national and regional development plans)*.

## Radiological Protection

- Monitoring radiation levels, assessing exposure of people in Ireland to ionising radiation.
- Assisting in developing national plans for emergencies arising from nuclear accidents.
- Monitoring developments abroad relating to nuclear installations and radiological safety.
- Providing, or overseeing the provision of, specialist radiation protection services.

## Guidance, Accessible Information and Education

- Providing advice and guidance to industry/the public on environmental and radiological protection topics.
- Providing timely and easily accessible environmental information to encourage public participation in environmental decision-making (*e.g. My Local Environment, Radon Maps).*
- Advising Government on matters relating to radiological safety and emergency response.
- Developing a National Hazardous Waste Management Plan to prevent and manage hazardous waste.

## Awareness Raising and Behavioural Change

- Generating greater environmental awareness and influencing positive behavioural change by supporting businesses, communities and householders to become more resource efficient.
- Promoting radon testing in homes and workplaces and encouraging remediation where necessary.

## Bainistíocht Uisce

- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht aibhneacha, lochanna, uiscí idirchriosacha agus cósta na hÉireann, agus screamhuiscí; leibhéil uisce agus sruthanna aibhneacha a thomhas.
- Comhordú náisiúnta agus maoirsiú a dhéanamh ar an gCreat-Treoir Uisce.
- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar Cháilíocht an Uisce Snámha.

## Monatóireacht, Anailís agus Tuairisciú ar an gComhshaol

- Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an aeir agus Treoir an AE maidir le hAer Glan don Eoraip (CAFÉ) a chur chun feidhme.
- Tuairisciú neamhspleách le cabhrú le cinnteoireacht an rialtais náisiúnta agus na n-údarás áitiúil (m.sh. tuairisciú tréimhsiúil ar staid Chomhshaol na hÉireann agus Tuarascálacha ar Tháscairí).

## Rialú Astaíochtaí na nGás Ceaptha Teasa in Éirinn

- Fardail agus réamh-mheastacháin na hÉireann maidir le gáis cheaptha teasa a ullmhú.
- An Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí a chur chun feidhme i gcomhair breis agus 100 de na táirgeoirí dé-ocsaíde carbóin is mó in Éirinn.

## Taighde agus Forbairt Comhshaoil

- Taighde comhshaoil a chistiú chun brúnna a shainaithint, bonn eolais a chur faoi bheartais, agus réitigh a sholáthar i réimsí na haeráide, an uisce agus na hinbhuanaitheachta.
- Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta
- Measúnacht a dhéanamh ar thionchar pleananna agus clár beartaithe ar an gcomhshaol in Éirinn (m.sh. mórphleananna forbartha).

## Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

- Measúnacht a dhéanamh ar thionchar pleananna agus clár beartaithe ar an gcomhshaol in Éirinn (m.sh. mórphleananna forbartha).

## Cosaint Raideolaíoch

- Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil radaíochta, measúnacht a dhéanamh ar nochtadh mhuintir na hÉireann don radaíocht ianúcháin.
- Cabhrú le pleananna náisiúnta a fhorbairt le haghaidh éigeandálaí ag eascairt as taismí núicléacha.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear a bhaineann le saoráidí núicléacha agus leis an tsábháilteacht raideolaíochta.
- Sainseirbhísí cosanta ar an radaíocht a sholáthar, nó maoirsiú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí sin.

## Treoir, Faisnéis Inrochtana agus Oideachas

- Comhairle agus treoir a chur ar fáil d'earnáil na tionsclaíochta agus don phobal maidir le hábhair a bhaineann le caomhnú an chomhshaoil agus leis an gcosaint raideolaíoch.
- Faisnéis thráthúil ar an gcomhshaol ar a bhfuil fáil éasca a chur ar fáil chun rannpháirtíocht an phobail a spreagadh sa chinnteoireacht i ndáil leis an gcomhshaol (m.sh. Timpeall an Tí, léarscáileanna radóin).
- Comhairle a chur ar fáil don Rialtas maidir le hábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht raideolaíoch agus le cúrsaí práinnfhreagartha.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola Guaisí a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a chosc agus a bhainistiú.

## Múscailt Feasachta agus Athrú Iompraíochta

- Feasacht chomhshaoil níos fearr a ghiniúint agus dul i bhfeidhm ar athrú iompraíochta dearfach trí thacú le gnóthais, le pobail agus le teaghlaigh a bheith níos éifeachtúla ar acmhainní.
- Tástáil le haghaidh radóin a chur chun cinn i dtithe agus in ionaid oibre, agus gníomhartha leasúcháin a spreagadh nuair is gá.

## 2.4 Management and structure of the EPA

The EPA is managed by a full time Board, comprising a Director General and five Directors: the work is carried out across five Offices:

- Office of Environmental Sustainability
- Office of Environmental Enforcement
- Office of Evidence and Assessment
- Office of Radiological Protection
- Office of Communications and Corporate Services

The EPA is assisted by an Advisory Committee who provide advice to the Board

.

## 2.4 Bainistíocht agus struchtúr na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil

- Tá an ghníomhaíocht á bainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Ard-Stiúrthóir agus cúigear Stiúrthóirí: déantar an obair ar fud cúig cinn d’Oifigí:

- An Oifig um Inbhuanaitheacht Chomhshaoil
- An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil
- An Oifig um Fhianaise agus Measúnú
- An Oifig um Cosaint Raideolaíoch
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tagann siad le chéile go rialta le plé a dhéanamh ar ábhair imní agus le comhairle a chur ar an mBord.

# Chapter 3: Details of services currently being provided in English only or bilingually

Details of services currently being provided in English only or bilingually in Irish and English.

| Current Provision of Services | | |
|---|---|---|
| **Services (General)** | **In English only** | **Bilingually, in English and Irish** |
| Licensing<br><br>National Environmental Enforcement<br><br>Water Management<br><br>Monitoring, Analysing and Reporting on the Environment<br><br>Regulating Ireland's Greenhouse Gas Emissions<br><br>Environmental Research and Development<br><br>Strategic Environmental Assessment<br><br>Radiological Protection | ✓ | Guidance, Accessible Information and Education<br><br>**Documents:**<br>• Annual Report and Accounts<br>• Ireland's Environment 2012 - An Assessment: Executive Summary<br>• National Inspection Plan 2013: Domestic Waste Water Treatment Systems<br>• See Something? Say Something! How to Make an Environmental Complaint<br><br>**Animations:**<br>• What to expect from an Inspection?<br>• Private Well - What can you do to make sure your well water safe<br><br>**Infographics:**<br>• Private Wells<br><br>**Forms:**<br>• Site Characterisation Form<br><br>**Resources for primary schools:**<br>• The Waste Pack<br>• The Natural Resources Pack<br>• The Impacts and Pollution Pack<br>• The Nature Pack<br>• The Environmental Care Pack<br><br>**Resources for second level schools:**<br>• 2020 VISION — A Closer Look at Ireland's Environment / FÍS 2020: A resource pack and accompanying website for teachers of the following subjects: Transition Year, Civic, Social & Political Education, Geography, Science<br><br>• The Leaving Certificate Geography Pack |

## Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach

Ní mór sonraí a thabhairt de na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla, **ag cur seirbhísí sa Ghaeltacht san áireamh**.

| Soláthar Seirbhísí Ar Fáil Faoi Láthair | | |
|---|---|---|
| **Seirbhísí (Ginearálta)** | **i mBéarla amháin** | **Go dátheangach, i nGaeilge agus i mBéarla** |
| Ceadúnú<br><br>Forfheidhmiú Náisiúnta i leith Cúrsaí Comhshaoil<br><br>Bainistíocht Uisce<br><br>Monatóireacht, Anailís agus Tuairisciú ar an gComhshaol<br><br>Rialú Astaíochtaí na nGás Ceaptha Teasa in Éirinn<br><br>Taighde agus Forbairt Comhshaoil<br><br>Treoir, Faisnéis Inrochtana agus Oideachas<br><br>Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta<br><br>Cosaint Raideolaíoch | ✓ | Treoir, Faisnéis Inrochtana agus Oideachas<br><br>**Doiciméad:**<br>• Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais<br>• Pleananna Straitéiseacha<br>• Cairteacha Custaiméirí<br>• Ireland's Environment 2012 - An Assessment:/<br>• Achoimre Feidhmiúcháin<br>• Plean Iniúchta Náisiúnta: Córais Chóireála Drámhuisce Tí<br>• An bhfaca tú rud éigin? Abair rud éigin! An Chaoi le Gearán Comhshaoil a Dhéanamh<br><br>**Beochaintí:**<br>• Cad is féidir leat a bheith ag súil leis sa Chigireacht?<br>• Tobair uisce príobháideach - Seo thíos rudaí gur féidir leat a dhéanamh chun deimhniú de go bhfuil uisce ó do thobar uisce príobháideach slán le n-ól and sábháilte ó éilliú<br><br>**Grafaic faisnéise**:<br>• Tobair Phríobháideachta<br><br>**Foirm Iarratais**:<br>• Foirm Tréithrithe Láithreáin<br><br>**Acmhainní bunscoile**:<br>• Dramhaíl<br>• Acmhainní Nádúrtha<br>• Tionchair agus Truailliú<br>• An Dúlra<br>• Cúram Imshaoil<br><br>**Acmhainní meánscoile:**<br>**FÍS 2020**: Pacáiste acmhainne agus suíomh gréasáin lena bhaineann do mhúinteoirí maidir leis na hábhair seo a leanas: Modúl na hIdirbhliana, Ceachtanna OSSP, Eolaíocht Tíreolaíochta (le sraith de ghearrthóga gearra ón tsraith theilifíse 'Eco Eye' agus transcríbhínni Gaeilge íoschóipeáil ar líne ).<br>• Pacáiste Acmhainní Ardteistiméireachta don Tíreolaíocht |

## Chapter 4: Enhancing the provision of Irish Language Services

| Means of communication with the public | | Our Commitment | Mandatory Requirements |
|---|---|---|---|
| **Recorded Oral Announcements** | | The following recorded oral announcements will be in Irish or bilingual:<br><br>(a) Recorded oral announcements provided on the telephone when the offices of the EPA are closed;<br><br>(b) Recorded oral announcements on our telephone answering system. | ✓ |
| **Written Communication** | **Letters and Electronic Mail** | All written communication will be responded to in the official language in which it was received. | ✓ |
| | **Stationery** | Headings of stationery, including notepaper, compliment slips, fax cover sheets, file covers and other folders, labels and envelopes are provided bilingually. | ✓ |
| **Signage** | **Signage** | All signage placed by the EPA, or on its behalf, is in Irish or bilingual, in accordance with the regulations (S.I. No.391/2008). | ✓ |
| **Publications** | **Publications** | Audited accounts or financial statements, annual report and strategy statements are published simultaneously in Irish and English. | ✓ |

## Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge

**Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha i gcló liath atá le feiceáil sa tábla thíos.**

| **Modh Cumarsáide leis an bPobal** | | **Gealltanas** | Ceanglais Riachtanacha |
|---|---|---|---|
| **Fógraí réamhthaifeadta ó Bhéal** | | Beidh na fógraí réamhthaifeadta seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach:<br><br>(a) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar an nguthán nuair atá ár n-oifigí dúnta;<br><br>(b) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach; | ✓ |
| **Cumarsáid i Scríbhinn** | **Litreacha agus Post Leictreonach** | Tabharfar freagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í. | ✓ |
| | **Stáiseanóireacht** | Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. | ✓ |
| **Comharthaíocht** | **Comharthaíocht** | Ní mór an chomharthaíocht uilig a chuireann An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh 391/2008). | ✓ |
| **Foilseacháin** | **Foilseacháin** | Cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna. | ✓ |

I. The Environmental Protection Agency will also undertake the following lists of actions under each service.

| Means of communication with the public | | Commitment | Timeline By end Yr 1/Yr 2 / Yr 3 |
|---|---|---|---|
| Oral / Written Communication | **Switchboard and Reception Services** | Headquarters Reception will greet callers bilingually. | Y1 |
| | **Telephone communications with the public** | We currently have eight competent Irish speakers on our staff. Customers wishing to conduct business through Irish will be accommodated without delay. | ✓ |
| | **Recorded Oral Announcements** | We are committed to having an option to hear all recorded messages Irish on all EPA switchboards by end Y1 | **Y1** |
| | **Information Leaflets/ Brochures/ animations** | We will continue to provide bilingual material, where relevant , for example information about septic tanks and private wells as well as schools' resources | ✓ |
| | **Application Forms** | We will provide job application forms in Irish on our website | **Y1** |
| **Media** | **Press Releases** | We will continue to make press releases available in both official languages to promote bilingual material/events. | ✓ |
| | **Media Spokespersons** | We will continue to provide Irish language spokespersons from among our complement of competent Irish speakers. | ✓ |
| **Information Technology** | **Websites** | The EPA will commit to providing a dedicated Irish-language section on our website to provide easy access to all EPA material in Irish in Y1 | **Y1** |

**Seo a leanas liosta gníomhartha molta ag An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi gach seirbhís.**

| Modh Cumarsáide leis an bPobal | | Gealltanas | Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3 |
|---|---|---|---|
| Cumarsáid ó Bhéal / Scríbhinn | **Seirbhísí Fáiltithe agus Lasc-Chláir** | Cuirfidh Fáiltiú Ceanncheathrún fáilte roimh ghlaoiteoirí go dátheangach. | Bl1 |
| | **Cumarsáid ghutháin leis an bpobal** | Tá ochtar Gaeilgeoirí fostaithe againn. Beidh custaiméirí atá ag iarraidh a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge ábalta é sin a dhéanamh linn gan mhoill. | ✓ |
| | **Fógraí réamhthaifeadta ó Bhéal** | Táimid tiomanta chun rogha a chur ar fáil éisteacht le gach teachtaireacht réamhthaifeadta as Gaeilge ar gach lasc-chlár EPA roimh dheireadh Bl1 | Bl1 |
| | **Bileoga Eolais/Bróisiúir/** | Leanfaimid d'ábhar dátheangach a chur ar fáil, pé áit is cuí | ✓ |
| | **Foirmeacha Iarratais** | Déanfaimid gealltanas foirmeacha iarratais ar phost a chur ar fáil as Gaeilge ar ár suíomh gréasáin. | Bl1 |
| Na Meáin | **Preaseisiúintí** | Déanfaimid preaseisiúintí trí mheán na Gaeilge is an Bhéarla chun ábhar/imeachtaí dátheangacha a chur chun cinn. | ✓ |
| | **Urlabhraithe na Meán** | Leanfaimid d'urlabhraithe Gaeilge a chur ar fáil dár bhfoireann atá lán le Gaeilgeoirí. | ✓ |
| Teicneolaíocht Faisnéise | **Suíomhanna Gréasáin** | Leanfaidh an EPA de rannán tiomnaithe don Ghaeilge ar an suíomh gréasáin a chur ar fáil i mBl1chun rochtain éasca a sholáthar chuig ár n-ábhar EPA as Gaeilge. | Bl1 |

# Chapter 5: Improving Language Capability

### 5.1 Recruitment

All new staff will be provided with an induction pack containing a copy of our agreed scheme in order to ensure that they are made aware of our commitments under the legislation. We will maintain a list of competent Irish speakers from among our complement of staff.

We currently have eight competent Irish speakers on our staff; some of whom are native Irish speakers. We intend to offer refresher training over a period of two years mainly to assist our competent Irish speakers in relation to technical environmental terms, etc., which will improve their ability to engage with the public, media, etc. We are satisfied that this meets the requirement of Government Policy in relation designated Irish posts and improvement of services in Irish.

### 5.2 Training and Development

We are committed to making available opportunities for staff to attend appropriately accredited Irish language training courses, as resources permit. All staff will be advised of facilities/opportunities to improve their competency in Irish.

| | | Commitment | Timeline By end Yr 1/ Yr 2 / Yr 3 |
|---|---|---|---|
| **Improving Irish Language Capability** | **Training** | Irish language training and resources are made available to all interested staff. | **Ongoing** |
| | **Participation in language promotion activities /Provision of resources** | Identified competent Irish speakers will be offered refresher training course(s) through Gaelchultúr training courses | **Y1 and Y2** |

# Caibidil 5: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge

## 5.1 Earcaíocht

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe, ar fáil do gach ball foirne chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht. Coinneoimid liosta de chainteoirí inniúla Gaeilge as measc ár bhfoirne.

Tá ochtar Gaeilgeoirí líofa againn ar ár bhfoireann; daoine díobh atá ina nGaeilgeoirí dúchasacha. Tá sé ar intinn againn oiliúint athnuachana a chur ar fáil thar thréimhse dhá bhliain chun tacaíocht a thabhairt dár nGaeilgeoirí inniúla maidir le téarmaí teicniúla timpeallachta etc., a chuirfidh lena gcumas chun dul i ngleic leis an bpobal, leis na meáin etc.  Táimid sásta go gcomhlíonann an méid seo riachtanais Pholasaí an Rialtais i leith poist shainithe Ghaeilge agus feabhsú ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

## 5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir ár n-acmhainní. Cuirfear an fhoireann iomlán ar an eolas faoi áiseanna/dheiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

| | | Gealltanas | Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3 |
|---|---|---|---|
| **Feabhsú ar chumas Gaeilge** | **Oiliúint** | Cuirtear oiliúint agus acmhainní ar fáil sa teanga Gaeilge do na baill foirne go léir a bhfuil suim acu iontu. | Go Leanúnach |
| | **Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn/ Acmhainní a chur ar fáil** | Tairgfear cúrsaí oiliúna athnuachana do chainteoirí aitheanta inniúla Gaeilge trí chúrsaí oiliúna 'Gaelchultúr' | Bl1/Bl2 |

## Chapter 6: Monitoring and Review

The implementation of the scheme will be monitored and reviewed on a regular basis by the Office of Communications and Corporate Services.

The contact persons for the scheme will be:

- Micheál Ó Cinnéide, Director, Office of Communications and Corporate Services – info@epa.ie
- Geraldine Ruane, Corporate Services - g.ruane@epa.ie
- Annette Cahalane, Communications - a.cahalane@epa.ie

A system for monitoring requests for services through Irish will be available, through the Queries Unit, and a summary of requests received will be recorded in our Annual Report.

## Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha monatóireacht agus athbhreithniú ar an scéim ar bhonn rialta.

Is iad na teagmhálaithe don scéim ná:
:

- Micheál Ó Cinnéide, Stiúrthóir, Oifig Cumarsáide agus Seirbhís Corparáideacha – info@epa.ie
- Geraldine Ruane, Seirbhís Corparáideacha - g.ruane@epa.ie
- Annette Cahalane, Cumarsáide - a.cahalane@epa.ie

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge, tríd an Aonad Ceiste, agus beidh cuntas air sin inár dTuarascáil Bhliantúil.

# Chapter 7: Publicising of the Agreed Scheme

This EPA scheme will be publicised both internally and externally, through a press release initially. A bilingual version of the scheme will be made available on our website, www.epa.ie, and circulated to all staff and appropriate agencies. Other means to publicise the scheme may also be used.

In addition, we will take every opportunity in daily interaction with customers to promote and publicise the services we provide in Irish through the following means:

- directly informing customers on a proactive basis of the option of conducting business with us through Irish, for example, by the display of notices at reception areas indicating the Irish language services that are available;
- listing these services on our website;
- signifying on selected guidelines, leaflets and application forms that these documents are also available in Irish, unless presented bilingually;
- giving equal prominence to Irish and English language materials.

A copy of the agreed scheme will be forwarded to the **Office of An Coimisinéir Teanga**.

## Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo trí phreasráiteas i dtosach báire. Cuirfimid leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin, www.epa.ie, agus cuirfear ar fáil í do gach ball foirne agus do na gníomhaireachtaí cuí. Féadfar modhanna eile chun an scéim a phoibliú a úsáid freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeáint ag an bhfáiltiú a luann na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;

- na seirbhísí sin a liostú in áit ina mbeidh siad le feiceáil go soiléir ar ár suíomh gréasáin;



- cuirfimid in iúl ar threoirlínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;

- tabharfaimid suntasacht chomhionann d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig **Oifig an Choimisinéara Teanga**.

# Appendices/Aguisíní

## 1. Infographic/ Grafaic faisnéise

| Infographic Private Wells | Tobair Phríobháideacha |
|---|---|
|  |  |

## 2. Animations/ Beochaintí

www.epa.ie/water/wastewater/guidance/whattoexpectfromaninspection/






## 3. Primary School Resources/ Acmhainnaí Bunscoile

### Far from the Earth



EPA ACTIVITY WORKSHEET | TEACHER — PAGE 1 | 2

NATURAL RESOURCES — Activity NR07

**Theme**
Class activity (CA). Students pick everyday objects and trace the path of their materials back to the Earth.

**Objectives**
Demonstrating that everything we use comes from the Earth, showing how few steps we are from the Earth, encouraging thought on our interaction with the Earth.

**Curriculum strands**
SESE, Science–Materials; Properties and characteristics of materials; Science and environment

SESE, Science and Geography–Environmental awareness and care

**Skills**
Questioning, observing, recording, communicating

**Time**
40 minutes (or longer if you wish)

# Far from the Earth

→ WE DEPEND ON THE EARTH FOR EVERYTHING

**WHAT YOU NEED**

A range of items made from different materials (which could include things like a stick, a straw hat, a woollen glove, an iron key, a steel nail, a drinks can, a piece of newsprint, a piece of fax paper, a plastic drinks bottle, a rubber boot, a piece of fleece, a bit of brick, a pot of glue, an empty aspirin bottle). Concentrate on a few of these and work in teams or make the project longer by having one for each student or each pair of students.

**WHAT YOU DO**

1 Ask the students which materials they think are natural. Why? Where do you think the non-natural materials came from? Can you work it out?

2 Ask the students to look at their chosen object and work backwards through the stages the material has gone through since it came from the Earth.


3 For example a plastic bottle has been made from oil. Oil is a fossil fuel, meaning it is made up of fossilised plant and animal debris from many millions of years ago. So it comes from ancient plants and dinosaurs that ate plants (or ate other dinosaurs who in turn ate plants). Plants grew in soil. Soil came from organic material and rocks.

4 An aluminium can came from bauxite, which comes from the Earth's surface.

epa

Continued →

### I bhfad on talamh



Lch. 1 | 2

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA — Gníomhaíocht AN07

# I bhfad ón Talamh

→ BRAITHIMID AR AN TALAMH LE HAGHAIDH GACH RUD

**CAD A THEASTÓIDH UAIT**

**CAD A DHÉANFAIDH TÚ**

epa

## 4. Secondary School Resources/ Acmhainní Meánscoile

**EPA School Resources (2nd level): Limiting and Adapting to Climate Change**




# Local Effects of Climate Change - Protecting Dublin from Floods

The effects of climate change on the weather can have impacts locally, for example the flooding in Dublin in recent years.

Video Clip | Student Exercise | Transition Year Unit | CSPE Lesson | Geography Lesson

### CSPE Lesson 2 - Local Effects of Climate Change - Flooding

**Published:** 2010
**ISBN:**
**Pages:** 4
**Filesize:** 2.07Mb
**Format:** pdf

This lesson plan is designed for use after viewing this clip and completing the student comprehension exercise (download separately).

Download now

### CSPE Ceacht 2: Iarmhairtí Áitiúla den Athrú Aeráide - Tuilte

**Foilsithe:** 2010
**ISBN:**
**Leathanaigh:** 4
**Mèid comhaid:** 178Kb
**Formàid:** pdf

Ìoslòdàil anois

5. **Secondary School Resources with subtitles and transcripts/ Acmhainní Meánscoile le sraith de ghearrthóga gearra ón tsraith theilifíse 'Eco Eye' agus transcríbhínni Gaeilge íoschóipeáil ar line**

**EPA Schools Video Resources (2nd level): including subtitles, transcripts**

